I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

TUAIRIMÍ

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

AN 575Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, 2022. 12. 14. – 2022. 12. 15.

Tuairim Ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar "Athchúrsáil inbhuanaithe, úsáid amhábhar tánaisteach agus an t-aistriú cóir i dtionscal Eorpach na miotal feiriúil agus neamhfheiriúil"

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 140/01)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS**

Comhrapóirtéir: **Michal PINTÉR**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	9.12.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	24.01.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	575
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	183/0/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tugann CESE dá aire go gcuireann an easpa amhábhair thánaisteacha ardcháilíochta agus praghsanna neamhiomaíocha bac ar úsáid níos mó na n-amhábhar tánaisteach; tá sé ag iarraidh go gcuirfí beartais iomchuí mar aon le deiseanna cistiúcháin i bhfeidhm chun saoráidí úrnua athchúrsála a thógáil agus chun uasghrádú ó thaobh na teicneolaíochta de a dhéanamh ar na saoráidí atá ann cheana. Tá CESE den tuairim gur cheart saoráidí cánach agus dreasachtaí fioscacha a thabhairt isteach feadh an tslabhra luacha athchúrsála agus le haghaidh samhlacha nua gnó ciorclacha, agus gur cheart béim ar leith a leagan ar an ról tábhachtach atá ag FBManna agus ag gnólachtaí nuathionscanta chun an t-aistriú sin a bhaint amach.

1.2. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí beartais bhreise i bhfeidhm chun tacaíocht agus maoiniú a chur ar fáil don taighde agus don fhorbairt sa phróiseas chun amhábhair chriticiúla a ionadú, tomhaltas acmhainní a laghdú, éifeachtúlacht táirgí a fheabhsú agus feabhas a chur ar fhaireachán, ar bhainistiú riosca agus ar rialachas an Aontais i réimse na n-amhábhar criticiúil.

1.3. Is cúis áthais do CESE gur seoladh an Chomhghuaillíocht Dhomhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hÉifeachtúlacht Acmhainní ([1]) (GACERE) i mí Feabhra 2021, agus tá sé den tuairim gur cheart rannpháirtíocht san eagraíocht sin a mhéadú.

1.4. Tá CESE den tuairim gur cheart beartais spriocdhírithe agus infheistíochtaí poiblí a fhorbairt tuilleadh i ngach ceann de na Ballstáit d"fhonn cur leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an aistriú cóir.

1.5. Tá CESE á chur i bhfáth go bhfuil níos mó oibrithe de dhíth, oibrithe a bhfuil saineolas acu ar athchúrsáil, dearadh, agus monarú na dtáirgí a bhfuil síneadh curtha lena saolré, agus ar bhainistiú dramhaíola agus ar ardsórtáil. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí tionsclaíocha na sochaí sibhialta maidir le faireachán a dhéanamh ar an Sásra um Aistriú Cóir agus é a chur chun feidhme; tá CESE ag iarraidh go mbeadh idirphlé níos déine agus comhar níos dlúithe ann idir na húdaráis phoiblí Eorpacha agus náisiúnta agus na geallsealbhóirí tionsclaíocha.

1.6. Tá CESE den tuairim gur cheart na critéir ábhartha (a bhaineann le spriocanna uaillmhianacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach a bhaint amach) sa Treoir Réime maidir le Dramhaíl (WasteFD) a chinneadh agus a chomhchuibhiú ina dhiaidh sin laistigh den Aontas Eorpach.

1.7. Níor cheart onnmhairí dramhaíola a cheadú ach amháin má chomhlíontar na caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta ina n-iomláine sa tír a gcuirfear na honnmhairí chuici agus má dhéantar nósanna imeachta iniúchóireachta atá éifeachtach agus iontaofa a bhfuil baint ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha leo. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí dianfhaireachán ar shaincheisteanna a bhaineann le haicmiú, agus go dtabharfaí isteach nósanna imeachta cosanta atá éifeachtach agus iomchuí lena gcuirfí onnmhairí ar fionraí mura gcomhlíonfaí na coinníollacha riachtanacha. Anuas air sin, tá CESE ag iarraidh ar an bParlaimint agus ar an gComhairle na critéir dhochta chéanna a bhaineann le gealltanais chomhshaoil maidir le dramhaíl a onnmhairítear a chur i bhfeidhm ar thíortha ECFE agus ar thíortha nach cuid de ECFE iad.

1.8. Tugann CESE dá aire an fhadhb a bhaineann leis an onnmhairiú mídhleathach ar dhramhaíl ón Eoraip, mar aon leis an bhfadhb a bhaineann le hath-allmhairiú amhrasach earraí a mhonaraítear lasmuigh den Aontas; tá sé ag iarraidh go gcuirfí rialuithe teorann níos déine i bhfeidhm.

1.9. Tá CESE den tuairim go mbeadh ciorclaíocht níos fearr ar ábhair fheiriúla agus ar ábhair neamhfheiriúla dá gcuirfí i bhfeidhm nósanna imeachta níos tapúla i dtaca le dramhaíl a sheoltar go hinmheánach, agus go dtiocfadh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na n-ábhar sin agus go mbeidís níos iomaíche dá thoradh.

1.10. Tá an dearadh maidir le hin-athchúrsáilteacht táirgí ina dhlúthchuid den phróiseas chun borradh a chur faoi chiorclaíocht agus faoi infhaighteacht amhábhar tánaisteach ardcháilíochta; chuige sin, tá CESE ag iarraidh go n-aithneofaí úsáid amhábhar in-athchúrsáilte agus seachtháirgí faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (ESPR). Ar mhaithe le hiomaíochas thionscal na hEorpa, éireoidh sé níos tábhachtaí amach anseo síneadh a chur le saolré tairgí.

1.11. Tá CESE den tuairim go mbeadh cothroime iomaíochta ann do tháirgí inbhuanaithe dá dtabharfaí isteach íoscheanglais shóisialta agus íoscheanglais maidir leis an inbhuaine comhshaoil sa Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, agus dá gcuirfí dlús le lipéadú agus le dreasachtaí margaidh.

1.12. Tá ról ríthábhachtach ag saineolaithe tionscail agus ag geallsealbhóirí ábhartha eile chun a áirithiú go mbíonn prionsabail na ciorclaíochta i bhfeidhm ar gach leibhéal de dhearadh táirgí. Creideann CESE gur gá infheistíochtaí sa taighde agus san fhorbairt agus comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha a neartú, agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil dóibh.

1.13. Tá CESE den tuairim go bhfuil ról ríthábhachtach ag an Soláthar Poiblí Glas maidir le dlús a chur leis na patrúin a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, mar aon leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus tá sé lánchinnte de go mbeadh creat comhleanúnach ann agus go dtiocfadh laghdú ar ilroinnt sna Ballstáit uile dá ndéanfaí caighdeánú comhchuibhithe ar tháirgí foirgníochta san Aontas Eorpach.

1.14. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún roinnt tograí reachtacha a chur chun cinn i ndáil le hindeisitheacht agus in-athchúrsáilteacht táirgí, saolré tairgí a fheabhsú, an lipéadú fuinnimh a thabhairt isteach, agus seirbhísí deisiúcháin a chur ar fáil do thomhaltóirí.

1.15. Creideann CESE gur cheart in-athchúrsáilteacht na n-ábhar pacáistíochta a chur san áireamh i scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora trí tháillí éiceamhodhnaithe a chur i bhfeidhm.

([1]) An Chomhghuaillíocht Dhomhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hÉifeachtúlacht Acmhainní.

2. **Barúlacha tosaigh**

2.1. Leag an Coimisiún Eorpach béim sa Teachtaireacht *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe"s recovery* ([2]) [Straitéis nua Tionsclaíochta 2020 a Nuashonrú: Margadh Aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa] ar a thábhachtaí atá tionscail dianfhuinnimh i gcomhthéacs gheilleagar na hEorpa agus nach mór tacaíocht a thabhairt dóibh chun margaí nua a chothú le haghaidh táirgí aeráidneodracha agus ciorclacha, amhail an chruach. Luaigh sé chomh maith go bhféadfadh aistriú an Aontais chuig aeráidneodracht an spleáchas atá ann faoi láthair ar bhreoslaí iontaise a athrú ina spleáchas ar amhábhair a fhoinsítear ón gcoigríoch.

2.2. Tá leochaileacht shlabhraí soláthair na hEorpa, mar aon leis an spleáchas ar thíortha eachtracha le haghaidh amhábhair straitéiseacha, tagtha chun solais de thoradh phaindéim COVID-19. Tá ganntanais fós ann agus is cosúil nach bhfuil an tAontas in ann na slabhraí luacha a dhéanamh níos athléimní ná iad a ullmhú níos fearr d'aon suaití a d"fhéadfadh a bheith ann amach anseo san aistriú glas agus san aistriú digiteach.

2.3. De réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh, tiocfaidh méadú faoi shé ar an éileamh ar ionchuir mianraí faoi 2050. Níl ann ach líon teoranta d'amhábhair phríomha agus is minic nach mbíonn fáil orthu san Aontas; dá bharr sin, ní mór an bhéim a leagan ar chumais agus acmhainneachtaí athchúrsála a fheabhsú agus ar fhíormhargadh le haghaidh amhábhair thánaisteacha a chruthú.

2.4. Agus iarracht á déanamh na spriocanna a leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach, ní mór don Aontas, do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí tionsclaíocha a áirithiú nach bhfuil iomaíochas an tionscail, a shlabhraí luacha, a fhostaithe ná an tsochaí ina hiomláine faoi bhagairt. Dá bhrí sin, ní mór slabhra athchúrsála na hEorpa, ón dramhaíl go táirgí deiridh nua, a thabhairt cothrom le dáta agus a dhíriú ar athchúrsáil éifeachtúil agus inbhuanaithe, lena n-áirítear trí mhodheolaíocht na siombóise tionsclaíche a chur chun cinn.

3. **Ciorclaíocht, athúsáid, athchúrsáil agus infhaighteacht amhábhar tánaisteach**

3.1. Tá an tAontas go mór i bhfách an geilleagar a athrú ó bhonn le go mbeidh sé níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí, geilleagar a mbeidh sé ar a chumas aige 700 000 post breise a chruthú ([3]). Cé go bhfuil teorainn nach mór bainte amach ag na torthaí maidir le roinnt ábhar amhail iarann, sinc nó platanam, i gcás dúile tearc-chré amhail gailliam nó iridiam, is beag an méid a chuireann amhábhair chriticiúla leo. Meastar go gcuireann gach tona de chruach athchúrsáilte cosc ar 1,5 tona d'astaíochtaí CO_2 dul isteach san atmaisféar. Tugann CESE dá aire go gcuireann an easpa amhábhair thánaisteacha ardcháilíochta, an easpa infhaighteachta i gcoitinne agus praghsanna neamhiomaíocha bac ar úsáid níos mó na n-amhábhar tánaisteach.

3.2. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin brú breise ar sholáthar amhábhar do thionscal an Aontais agus ní leor tacaíocht don athchúrsáil chun freastal ar an éileamh a bheidh ar amhábhair amach anseo. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh bearta práinneacha breise ann chun tacaíocht agus maoiniú a chur ar fáil don taighde agus don fhorbairt chun amhábhair chriticiúla a ionadú, tomhaltas acmhainní a laghdú agus éifeachtúlacht táirgí a fheabhsú, etc. Is díol sásaimh do CESE an cur chuige cuimsitheach sa togra ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla agus creideann sé gur gá feabhas a chur ar fhaireachán, ar bhainistiú riosca agus ar rialachas an Aontais i réimse na n-amhábhar criticiúil. Thairis sin, creideann CESE gur cheart gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais maidir le hamhábhair chriticiúla a fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha spriocdhírithe le tríú tíortha, trí chomhaontuithe trádála agus caibidlíochtaí déthaobhacha/réigiúnacha, trí chomhaontuithe earnála, tríd an gcomhar um fhorbairt agus trí thionscnaimh iltaobhacha.

3.3. Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus, dá bhrí sin, ba cheart dó a bheith in ann dul i ngleic leis an dramhaíl a chruthaítear ar a chríoch féin, seachas í a onnmhairiú. Bíodh sin mar atá, tháinig méadú 113 % ar onnmhairí dramhaíola miotail feiriúla (dramhiarann agus dramhchruach) in 2021 i gcomparáid le leibhéil 2015; 19,5 milliún tona atá sna honnmhairí sin anois agus is fiú iad agus níos mó ná leath (59 %) de na honnmhairí dramhaíola uile a thagann ón Aontas. Tugann CESE dá aire an fhadhb a bhaineann le fuíollábhar a onnmhairiú ón Eoraip go neamhdhleathach agus le hath-allmhairiú amhrasach earraí a mhonaraítear lasmuigh den Aontas.

3.4. I gcomhthéacs an mhéadaithe atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh agus amhábhar, tá CESE á chur i bhfáth go bhfuil laghdú suntasach ar thomhaltas fuinnimh agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéid a bhaineann leis an athchúrsáil, i gcomparáid le próiseas eastósctha na n-amhábhar. Ba mhaith le CESE go nglacfaí beartais chun saoráidí úrnua athchúrsála a thógáil agus chun athchóiriú teicneolaíoch a dhéanamh ar na saoráidí athchúrsála atá ann cheana; d'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Tá CESE den tuairim gur cheart dreasachtaí cánach agus fioscacha a thabhairt isteach le haghaidh samhlacha nua gnó ciorclacha ar fud na slabhraí luacha agus gur cheart béim ar leith a leagan ar an ról tábhachtach atá ag FBManna agus ag gnólachtaí nuathionscanta chun an t-aistriú sin a bhaint amach.

([2]) EUR-Lex, Teachtaireacht ón gCoimisiún COM/2021/350 final – *Updating the 2020 New Industrial Strategy* [An Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a thabhairt cothrom le dáta].

([3]) EUR-lex: *A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche].

3.5. Is cúis áthais do CESE gur seoladh an Chomhghuaillíocht Dhomhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hÉifeachtúlacht Acmhainní i mí Feabhra 2021 lena dtugtar le chéile na rialtais a oibreoidh i gcomhar a chéile chun an chiorclaíocht a fheabhsú agus chun an t-aistriú cóir a áirithiú. Tá CESE den tuairim gur cheart an rannpháirtíocht san institiúid sin a mhéadú, de bharr go mbeidh gá le hiarrachtaí breise domhanda chun bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha a áirithiú.

4. **An t-aistriú cóir**

4.1. Ní gan dua a iomprófar ár ngeilleagair ina ngeilleagair ghlasa, dhigiteacha. Tá deacrachtaí socheacnamaíocha sonracha ann do roinnt réigiún agus earnálacha, chomh maith le dúshláin a bhaineann leis an bhfostaíocht agus le scileanna don tionscal miotail. Tá tacaíocht fheabhsaithe de dhíth ar chuideachtaí agus ar oibrithe an Aontais chun dul i ngleic le riachtanais samhlacha nua gnó agus chun bheith níos ullmhaithe do na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann amach anseo. Ina theannta sin, ní mór don aistriú ciorclach aon saobhadh ar dhálaí oibre a chosc. Tá CESE den tuairim gur cheart beartais spriocdhírithe agus infheistíochtaí poiblí a fhorbairt tuilleadh i ngach ceann de na Ballstáit d"fhonn cur leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an aistriú cóir.

4.2. Tá tacaíocht tugtha ag CESE do ghlacadh an tSásra um Aistriú Cóir, mar chuid de phlean infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus measann sé gur uirlis ríthábhachtach é chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár san aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach. Céim shuntasach chun tosaigh is ea glacadh an Chiste um Aistriú Cóir (an chéad cholún den Sásra um Aistriú Cóir).

4.3. Tá CESE den tuairim go bhfuil ról thar a bheith tábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta, ag an tsochaí shibhialta agus ag eagraíochtaí tionsclaíocha maidir leis an Sásra um Aistriú Cóir a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, ach maidir le feasacht a mhúscailt freisin i measc na n-údarás poiblí i dtaca le riachtanais shonracha na saoránach agus na ngnólachtaí. Ba mhór ag CESE idirphlé agus comhar treisithe a bheith ann idir na húdaráis phoiblí Eorpacha agus náisiúnta, na geallsealbhóirí tionsclaíocha agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha tionsclaíocha ábhartha.

4.4. Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta ar gach leibhéal maidir le straitéisí um an aistriú cóir a chaibidliú laistigh de chomhairlí oibreacha nó de chomhlachtaí ábhartha eile um idirphlé sóisialta. Is iad na comhpháirtithe sin is fearr atá in ann cruthú agus scriosadh post a shainaithint agus anailís a dhéanamh ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo maidir le hoiliúint agus uas-sciliú an lucht saothair. Baineann na riachtanais is práinní atá ann faoi láthair le hoibrithe a bhfuil saineolas acu ar athchúrsáil, dearadh, agus monarú na dtáirgí a bhfuil síneadh curtha lena saolré, agus ar bhainistiú dramhaíola agus ar ardsórtáil.

5. **Dramhaíl, An Treoir Réime maidir le Dramhaíl, agus an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola**

5.1. Tá luach tábhachtach ag baint le dramhaíl a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas: aisghabháil amhábhar tánaisteach, geilleagar ciorclach an Aontais agus an Comhaontú Glas don Eoraip a chur ar aghaidh, an spleáchas ar amhábhair phríomha allmhairithe a laghdú, acmhainní nádúrtha a spáráil, agus san am céanna an tomhaltas fuinnimh a úsáidtear chun mianadóireacht a dhéanamh ar amhábhair phríomha agus chun iad a phróiseáil san Eoraip a laghdú agus astaíochtaí CO_2 a laghdú sna tionscail fheiriúla agus neamhfheiriúla.

5.2. An t-athbhreithniú a dhéanfar ar Threoir Réime an Aontais maidir le Dramhaíl, beidh tábhacht ag baint leis do theaghlaigh phríobháideacha agus do thionscail araon, agus is é is aidhm dó an méid seo a leanas a bhaint amach: tuilleadh a dhéanamh ó thaobh chosaint an chomhshaoil agus shláinte an phobail ar éifeachtaí an bhainistithe dramhaíola; méid na dramhaíola a laghdú; an athúsáid a mhéadú agus an bailiú ar leithligh a fheabhsú chun ullmhú le haghaidh athúsáid agus athchúrsáil ar ardchaighdeán a spreagadh.

5.3. Maidir leis na critéir ábhartha sa Treoir Réime maidir le Dramhaíl a leagadh amach chun spriocanna uaillmhianacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach a bhaint amach, tá CESE den tuairim gur cheart iad a chinneadh agus a chomhchuibhiú laistigh den Aontas ina dhiaidh sin. Tá CESE den tuairim go bhfuil gá le comhleanúnachas le reachtaíocht eile, agus le ESPR agus le reachtaíocht Bhallstáit an Aontais go háirithe, chun aon débhríocht, dúbailt nó forluí a chur ó dhoras.

5.4. Dá dtiocfadh méadú ar an méid dramhaíola a sheoltar go hinmheánach agus dá gcuirfí nósanna imeachta níos tapúla i bhfeidhm, dhéanfaí tuilleadh athchúrsála intíre ar ábhair fheiriúla agus neamhfheiriúla agus bheadh na hábhair sin níos iomaíche dá bharr agus laghdófaí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leo. Thairis sin, measann an Coimisiún go gcruthófar idir 9 000 agus 23 000 post nua in earnáil na hathúsáide agus na hathchúrsála.

5.5. Tháinig CESE ar an gconclúid cheana féin "go ndéanann onnmhairí dramhaíola in-athchúrsáilte ar ardcháilíocht […] dochar d"inbhuanaitheacht an Aontais agus go mbaintear an bonn dá iomaíochas domhanda trí acmhainní luachmhara a chur ar fáil d"iomaitheoirí seachtracha" ([4]). D"fhonn leas iomlán a bhaint as an méadú atá tagtha ar an dramhaíl inmheánach, tá CESE ag iarraidh go mbeadh deiseanna cistiúcháin ann don taighde agus don fhorbairt chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha a aimsiú don athchúrsáil agus don athúsáid agus chun saoráidí cóireála agus athchúrsála úrscothacha a bhunú.

5.6. Níor cheart onnmhairí dramhaíola ón Aontas a cheadú ach amháin i gcás ina bhfuil na caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta coibhéiseach leo siúd san Aontas agus go bhfuil siad á n-urramú go hiomlán sa tír ceann scríbe. Ní mór na rialuithe ag teorainneacha an Aontais a dhéanamh níos déine chun an sceitheadh dramhaíola a chosc, agus ba cheart na rialacha trédhearcachta i dtaca le dramhaíl onnmhairithe a bheith níos déine agus ba cheart an t-eolas ábhartha a bhaineann lena bainistiú agus le hurramú na gcaighdeán a chur ar fáil go poiblí. Is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún maidir le hiniúchtaí tríú páirtí ar an leibhéal náisiúnta ar shaoráidí dramhaíola seachtracha, agus tá sé iarrtha aige go mbeadh "na comhpháirtithe sóisialta agus na heagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha […] mar chuid de na nósanna imeachta iniúchóireachta" ([5]).

5.7. Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart dianrialú a chur i bhfeidhm ar na saincheisteanna maidir le haicmiú ar eagla go ndéanfaidh onnmhaireoirí dramhaíola iarracht a n-onnmhairiú dramhaíola reatha a athaicmiú mar onnmhairiú dramhaíola deiridh. D"fhéadfadh riosca den sórt sin an bonn a bhaint go hiomlán ón athchóiriú iomlán a mhol an Coimisiún maidir le honnmhairiú dramhaíola.

5.8. Ba cheart tús áite a thabhairt d"fhaireachán *ex-ante* nó seiceáil *ex-post* éifeachtach ó thaobh na gcoinníollacha agus na rialachán a bhaineann le dramhaíl a phróiseáil go háitiúil, agus an méid sin a chur i bhfeidhm. Tá CESE ag iarraidh go dtabharfaí isteach nósanna imeachta coimirce a bheadh cuí agus éifeachtach chun onnmhairí a chur ar fionraí más amhlaidh nach gcomhlíontar na coinníollacha cuí.

5.9. Tá CESE ag iarraidh go ngiorrófaí go dhá bhliain an idirthréimhse a bhaineann leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Loingsithe Dramhaíola a chur i bhfeidhm. I ndáil leis an teorainn ama 30 lá atá beartaithe chun deis a thabhairt do na húdaráis inniúla idirthurais agóidí bailí a dhéanamh maidir le loingsiú beartaithe le haghaidh téarnaimh, ba cheart í a laghdú go deich lá d"fhonn inoibritheacht a áirithiú agus moilleanna neamhriachtanacha a sheachaint. Thairis sin, tá CESE ag iarraidh go gcuirfí srian shoiléir ar na húdaráis sin chun cosc a chur orthu agóid a dhéanamh i gcoinne an loingsithe chéanna níos mó ná uair amháin.

5.10. Chun sláine comhshaoil a áirithiú, tá CESE ag iarraidh ar an bParlaimint agus ar an gComhairle na critéir dhochta chéanna a bhaineann leis na gealltanais chomhshaoil maidir le dramhaíl a onnmhairítear a chur i bhfeidhm ar thíortha ECFE agus ar thíortha nach cuid de ECFE iad.

5.11. Tá easnaimh ann ó thaobh na nósanna imeachta forfheidhmithe atá ann cheana sa Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola agus, dá thoradh sin, tá méadú tagtha ar líon na loingsithe dramhaíola aindleathaí atá ar bun ag eagraíochtaí coiriúla; meastar gur fiú an méadú sin agus 30 % de loingsithe dramhaíola san Eoraip ([6]). Tacaíonn CESE le forfheidhmiú na nósanna imeachta a bhaineann le hiniúchadh agus le himscrúdú, agus tá sé ag iarraidh go mbeadh comhar iomlán ann idir na Ballstáit agus an tAontas, i gcomhréir le straitéis nua an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025 ([7]).

5.12. Tá ról tábhachtach ag na geallsealbhóirí tionsclaíocha agus ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le dul i ngleic le loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola. Ba cheart sonraí neamhrúnda a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara uile, toisc go gcuideoidh trédhearcacht mhéadaithe chun líon na loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a laghdú.

6. **Éicidhearthóireacht**

6.1. Tá CESE den tuairim nach mór an reachtaíocht maidir le héicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe a neartú chun spriocanna uaillmhianacha an Aontais a bhaint amach, faoi mar a leagadh amach iad sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach. Le ESPR, tugtar deis do tháirgeoirí an Aontais idirdhealú a dhéanamh idir a gcuid tairgí féin agus tairgí eile nach n-éiríonn chomh maith céanna leo trí mhodh measúnaithe coiteann a úsáid. Is gné ríthábhachtach í rannpháirtíocht na saineolaithe tionscail agus gheallsealbhóirí ábhartha eile an tslabhra luacha d"fhonn a áirithiú go bhfuil prionsabail na ciorclaíochta i bhfeidhm ar gach leibhéal de phróiseas deartha an táirge chun go gcuirfear san áireamh na riachtanais a bhaineann le dramhaíl a chosc agus le híosmhéid na n-ábhar athchúrsáilte.

([4]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 95–100, Tuairim NAT/842 ó CESE – *Loingsithe Dramhaíola*.
([5]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 95–100, Tuairim NAT/842 ó CESE – *Loingsithe Dramhaíola*.
([6]) *Questions and Answers on new EU rules on waste shipments* [Ceisteanna agus Freagraí faoi rialacha nua an Aontais maidir le loingsithe dramhaíola].
([7]) *EU Strategy to tackle Organised Crime 2021-2025* [Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025].

6.2. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí na gnéithe sóisialta san áireamh sa sainmhíniú ar an inbhuanaitheacht, chun go mbeadh níos mó i gceist leis ná na riachtanais comhshaoil, mar is amhlaidh anois. Ba cheart do na gnéithe sóisialta na caighdeáin saothair idirnáisiúnta a chomhlíonadh, amhail urraim don idirphlé sóisialta agus don chómhargáil.

6.3. Ba cheart úsáid amhábhar tánaisteach agus seachtháirgí a aithint faoi ESPR, toisc gur féidir leo rannchuidiú go suntasach le spriocanna beartais an Aontais maidir leis an athrú aeráide a bhaint amach. Ar an gcuma chéanna, tá an dearadh maidir le hin-athchúrsáilteacht táirgí, agus a gcomhábhar, ríthábhachtach chun borradh a chur faoin gciorclaíocht agus faoi líon na n-amhábhar tánaisteach ar ardchaighdeán atá ar fáil.

6.4. Is uirlis thábhachtach é an pas táirge digiteach chun eolas ábhartha ar inbhuanaitheacht táirgí a chur ar fáil do na tomhaltóirí, chun cearta maoine intleachtúla na dtáirgeoirí a chosaint, agus chun bac a chur ar mhí-úsáid sonraí agus ar an nglas-snasú. Tá bunachar sonraí atá láidir, iontaofa agus cuimsitheach ríthábhachtach chun faisnéis den sórt sin a chur ar fáil maidir leis an margadh traidisiúnta agus an margadh ar líne.

6.5. Thairis sin, éireoidh leathnú shaolré na dtáirgí níos tábhachtaí d"iomaíochas thionscal na hEorpa, go háirithe ós rud é gur minic go mbíonn an Eoraip spleách ar thríú tíortha. Tá CESE den tuairim nach mór infheistíochtaí sa taighde agus san fhorbairt, mar aon le comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha, a neartú agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil dóibh.

7. **An Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta**

7.1. I gcomhar le togra ESPR, cuirtear deis ar fáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta chun inbhuanaitheacht na dtáirgí a ailíniú chun go mbeidh siad ar comhleibhéal ó thaobh uaillmhéine de ar fud earnálacha éagsúla an mhargaidh san earnáil foirgníochta. Cé go n-aithnítear sa togra i ndáil leis an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta an tábhacht a bhaineann le hábhair athchúrsáilte a úsáid, d"fhéadfadh úsáid seachtháirgí cuidiú freisin chun an spleáchas ar acmhainní príomha nádúrtha a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart an méid sin a chur san áireamh sna critéir feidhmíochta i leith na dtáirgí.

7.2. Tá CESE den tuairim go mbeadh cothroime iomaíochta ann do tháirgí inbhuanaithe, agus go n-aithneofaí mar is ceart iad, dá dtabharfaí isteach ceanglais íosta maidir leis an inbhuaine comhshaoil, ceanglais shóisialta, lipéadú agus dreasachtaí margaidh.

7.3. Ba cheart do na critéir maidir le Soláthar Poiblí Glas (SPG) úsáid a bhaint as tairsí feidhmíochta arna mbunú faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta. Tá CESE den tuairim go bhfuil ról ríthábhachtach ag SPG maidir le dlús a chur leis na patrúin a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, an inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus margadh AE do tháirgí inbhuanaithe a chruthú. Tá CESE lánchinnte de go mbeadh creat comhleanúnach ann sna Ballstáit uile de thoradh caighdeánú comhchuibhithe ar tháirgí foirgníochta ar leibhéal an Aontais agus go gcuirfí feabhas ar an trédhearcacht a mhéid a bhaineann le marthanacht, indeisitheacht agus sábháilteacht, etc.

7.4. Tá CESE á chur i bhfios go láidir nach bhfuil na modhanna measúnaithe atá in úsáid san earnáil foirgníochta faoi láthair comhchuibhithe go hiomlán, rud a fhágann go bhféadfadh torthaí éagsúla teacht chun cinn ar fud an Aontais agus go mbeadh easpa inchomparáideachta ann dá bharr sin. Is réamhriachtanas é feabhas a chur ar chomhsheasmhacht agus ar inchomparáideacht na measúnuithe feidhmíochta comhshaoil a dhéantar ar tháirgí foirgníochta. Creideann CESE gur forbairtí dearfacha atá sna forbairtí atá déanta ar mhodheolaíocht an Loirg Comhshaoil ([8]), rud a d"fhéadfadh cabhrú leis na spriocanna sin a bhaint amach.

7.5. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún roinnt tionscnaimh reachtacha a chur chun cinn i ndáil le hindeisitheacht táirgí, saolré tairgí a fheabhsú, an lipéadú fuinnimh a thabhairt isteach, agus seirbhísí deisiúcháin a chur ar fáil do thomhaltóirí.

8. **Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht**

8.1. Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil gach ábhar pacáistíochta a chuirtear ar an margadh in-athchúrsáilte nó in-athúsáidte. Ba cheart a chur san áireamh sa dearadh maidir le hin-athchúrsáilteacht pacáistíochta, ní hamháin an ráta athchúrsála, ach an fhéidearthacht freisin ábhair a athchúrsáil gan a n-airíonna intreacha a chailleadh agus méid na n-ábhar príomha a ionadaítear. Cuideoidh sé sin le hathchúrsáil ardcháilíochta a áirithiú ag an gcéim deireadh ré. Ba cheart in-athchúrsáilteacht na n-ábhar pacáistíochta a chur san áireamh i scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora trí tháillí éiceamhodhnaithe a chur i bhfeidhm.

([8]) *CE Recommendation on the use of the Environmental Footprint methods* [Moladh ón gCoimisiún maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid] (IO L 471, 30.12.2021, lch. 1)

8.2. Cé go bhfuil ról ag cion na n-ábhar athchursáilte maidir leis an éileamh ar ábhair athchúrsáilte a spreagadh, i gcás pacáistíochta cruach, tá margadh dea-fheidhmiúil d"ábhair thánaisteacha ann cheana féin agus tá an ráta athchúrsála le haghaidh pacáistíochta cruach níos mó ná 84 %. Dá bhrí sin, d"fhéadfadh oibleagáid maidir le hábhar athchúrsáilte a mhéadú astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhéadú más gá fuíoll a iompar thar achair mhóra agus a atreorú ó shruthanna foinse eile.

An Bhruiséil, an 24 Eanáir 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG